2025/2303

10.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2303 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Samhain 2025

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le nósanna imeachta, foirmeacha caighdeánacha agus teimpléid le haghaidh soláthar faisnéise chun críoch pleananna réitigh le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta de bhun Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 ón gCoimisiún ([2]) sonraítear an nós imeachta, agus tugtar isteach tacar íosta teimpléad, chun faisnéis a sholáthar d'údaráis réitigh ag institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta chun pleananna réitigh le haghaidh institiúidí a tharraingt suas agus a chur chun feidhme. Ó glacadh an Rialachán sin, tá taithí faighte ag na húdaráis réitigh i réimse na pleanála réitigh agus leasaíodh Treoir 2014/59/AE. I bhfianaise na taithí sin agus chun forálacha nua na Treorach sin a chur san áireamh, is gá an tacar íosta teimpléad a nuashonrú chun faisnéis a bhailiú chun críoch pleanála réitigh.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624, leagtar amach nós imeachta agus tacar íosta teimpléad maidir le soláthar faisnéise ag institiúidí d'údaráis réitigh ar bhealach a chuireann ar a gcumas do na húdaráis réitigh an fhaisnéis sin a bhailiú ar bhealach comhsheasmhach ar fud an Aontais agus lena n-éascaítear malartú faisnéise i measc na n-údarás ábhartha. Mar sin féin, is léir ón taithí a fuarthas nach bhfuil cur chuige comhchuibhithe maidir le bailiú na faisnéise sin bainte amach ach go páirteach. Dá bhrí sin, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán Cur Chun Feidhme sin chun comhchuibhiú na n-oibleagáidí tuairiscithe a chothú ar fud an Aontais ar bhonn tacar athbhreithnithe teimpléad lena léirítear ar bhealach níos fearr riachtanais na n-údarás réitigh ar bhealach comhsheasmhach. Leis sin, níor cheart cosc a chur ar údaráis réitigh aon fhaisnéis bhreise a bhailiú a mheasann siad a bheith riachtanach chun pleananna réitigh a tharraingt suas agus a chur chun feidhme nó chun oibleagáidí simplithe faisnéise a leagan síos i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2014/59/AE.

(3) Chun a áirithiú go gcumhdaíonn pleananna réitigh grúpa an grúpa lena mbaineann go héifeachtach, níor cheart na hoibleagáidí tuairiscithe a fhorchuirtear ar mháthairghnóthais de chuid an Aontais a bheith teoranta d'eintitis réitigh amháin, ach ba cheart baint a bheith acu freisin le heintitis dhlítheanacha ábhartha eile. Ba cheart, áfach, an ábharthacht sin a leagan amach mar is cuí chun tuairisciú a eisiamh le haghaidh eintitis nach bhfuil ábhartha don ghrúpa nó nach bhfuil tábhacht shistéamach leo. Chuige sin, ba cheart tairseacha a shocrú chun na heintitis dhlítheanacha sin ón ngrúpa ar cheart ceanglais tuairiscithe réitigh a fhorchur orthu a shainaithint. Thairis sin, le

([1]) IO L 173, 12.6.2014, lch. 190, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/59/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le nósanna imeachta agus foirmeacha agus teimpléid chaighdeánacha le haghaidh soláthar faisnéise chun críoch pleananna réitigh le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta de bhun Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1066 ón gCoimisiún (IO L 277, 7.11.2018, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1624/oj).

Treoir (AE) 2024/1174 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) leasaíodh Treoir 2014/59/AE trí, *inter alia*, sainmhíniú ar 'eintiteas leachtaithe' a thabhairt isteach. Chun an sainmhíniú nua sin a chur san áireamh, is gá idirdhealú a dhéanamh idir ceanglais tuairiscithe réitigh le haghaidh eintitis leachtaithe, le haghaidh eintitis réitigh agus le haghaidh eintitis ar cuid de ghrúpaí réitigh iad. Go háirithe, is gá oibleagáidí tuairiscithe a shonrú, á chur san áireamh an eintitis neamhspleácha iad na heintitis lena mbaineann, nó an mbaineann siad le grúpaí, agus ar sainaithníodh na heintitis nó na grúpaí sin mar eintitis leachtaithe, nó an bhfuil eintitis a sainaithníodh mar eintitis leachtaithe san áireamh sna heintitis nó sna grúpaí sin. Ba cheart na hoibleagáidí tuairiscithe sin a leagan amach ar leibhéal aonair, fo-chomhdhlúite nó comhdhlúite ar bhealach lena n-áirithítear comhréireacht, nach gcuireann isteach ar phleanáil réitigh éifeachtach, a shaorann eintitis ó bhailiúcháin chomhthreomhara sonraí a thagann ó údaráis éagsúla, agus a bhaineann pointí sonraí a fhorluíonn ar chreataí tuairiscithe maoirseachta. Ba cheart é sin a bhaint amach trí chur chuige a chur chun feidhme lena modhnaítear an líon teimpléad ag brath ar chineál an eintitis tuairiscithe lena mbaineann. Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar ghrúpaí réitigh ina bhfuil institiúidí creidmheasa atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach agus ar an gcomhlacht lárnach féin chun a áirithiú go gcumhdófar go héifeachtach le tuairisciú réitigh na hinstitiúidí creidmheasa uile atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach an ghrúpa réitigh sin, an comhlacht lárnach féin, agus a bhfochuideachtaí faoi seach, ar leibhéal aonair, fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite.

(4) Chun pleanáil éifeachtúil réitigh a áirithiú agus comhréireacht á caomhnú an tráth céanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar raon feidhme na gceanglas tuairiscithe réitigh a bheith éagsúil le raon feidhme na gceanglas tuairiscithe stuamachta nuair is gá chun a áirithiú go mbeidh sonraí leordhóthanacha agus inchreidte ag na húdaráis réitigh chun a gcúraimí a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, is gá a áirithiú nach gcuirfidh tarscaoiltí stuamachta ná grúpaí réitigh nach bhfuil faoi réir ceanglais maidir le comhdhlúthú stuamachta bac ar thuairisciú réitigh.

(5) Chun a áirithiú go mbeidh pleananna réitigh bunaithe ar thacar íosta sonraí lena mbaineann ardcháilíocht agus beachtas ar bhonn comhsheasmhach, ba cheart samhail pointe sonraí aonair a ghlacadh, mar is amhlaidh maidir le tuairisciú maoirseachta. Ba cheart léiriú struchtúrach ar na míreanna sonraí a bheith sa tsamhail pointe sonraí aonair, agus ba cheart na coincheapa gnó ábhartha uile a shainaithint léi chun críche tuairiscithe aonfhoirmeach le haghaidh pleanála réitigh, agus ba cheart na sonraíochtaí ábhartha uile is gá chun réitigh tuairiscithe TF aonfhoirmeacha a fhorbairt a thuilleadh a bheith inti.

(6) Chun cáilíocht, comhsheasmhacht agus cruinneas na míreanna sonraí arna dtuairisciú ag institiúidí a choimirciú, ba cheart na míreanna sonraí sin a bheith faoi réir rialacha coiteanna bailíochtaithe.

(7) Mar gheall ar a gcineál, nuashonraítear rialacha bailíochtaithe agus sainmhínithe ar phointí sonraí go tráthrialta chun a áirithiú go gcomhlíonann siad, i gcónaí, na ceanglais rialála, anailíse agus teicneolaíochta faisnéise is infheidhme. Mar sin féin, mar gheall ar an méid ama a theastaíonn faoi láthair chun an tsamhail pointe sonraí aonair mhionsonraithe agus na rialacha bailíochtaithe mionsonraithe a ghlacadh agus a fhoilsiú, ní féidir modhnuithe a dhéanamh ar bhealach atá tapa agus tráthúil go leordhóthanach lena n-áiritheofaí soláthar buan faisnéise aonfhoirmí maidir le pleananna réitigh san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart critéir cháilíochtúla dhiana a bhunú le haghaidh na samhla pointe sonraí aonair mionsonraithe agus na rialacha bailíochtaithe comhchoiteanna mionsonraithe a fhoilseoidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) go leictreonach ar a shuíomh gréasáin. Ní eisiatar leis an méid thuas go bhféadfaidh an ÚBE treoracha teicniúla a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin freisin chun na foirmeacha agus na teimpléid a shonraítear sa Rialachán seo a líonadh.

(8) Le hAirteagal 11(2) de Threoir 2014/59/AE, cuirtear d'oibleagáid ar údaráis inniúla agus ar údaráis réitigh oibriú i gcomhar le chéile chun dúbláil na gceanglas faisnéise a íoslaghdú. Chun na críche sin, tugadh isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 nós imeachta comhair idir údaráis inniúla agus údaráis réitigh, ar cheart é a choinneáil ar bun ionas go bhfíoróidh na húdaráis inniúla agus réitigh go comhpháirteach an bhfuil cuid den fhaisnéis a iarrtar, nó an fhaisnéis sin ar fad, ar fáil cheana don údarás inniúil. I gcás ina mbeidh an fhaisnéis ar fáil don údarás inniúil, is iomchuí í a tharchur go díreach chuig an údarás réitigh.

(9) I bhfianaise mhéid na leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624, is iomchuí, ar chúiseanna deimhneachta agus soiléireachta dlíthiúla, Rialachán Cur Chun Feidhme nua a ghlacadh agus, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 a aisghairm agus a ionadú.

(10) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ÚBE.

([3]) Treoir (AE) 2024/1174 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe den íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (IO L, 2024/1174, 22.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1174/oj).

(11) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ÚBE maidir leis na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhíniú

Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn 'eintiteas dlítheanach ábhartha' grúpeintiteas mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (31), de Threoir 2014/59/AE, seachas eintiteas réitigh, atá bunaithe san Aontas agus a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) cuireann sé feidhmeanna criticiúla ar fáil;

(b) tá a mhéid iomlán aonair neamhchosanta ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) cothrom le 2 % nó níos mó ná 2 % de mhéid iomlán comhdhlúite neamhchosanta ar riosca an mháthairghnóthais de chuid an Aontais;

(c) tá a thomhas iomlán aonair na neamhchosanta ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 cothrom le 2 % nó níos mó ná 2 % de thomhas comhdhlúite neamhchosanta iomláine an mháthairghnóthais de chuid an Aontais;

(d) tá a ioncam oibriúcháin aonair cothrom le 2 % nó níos mó ná 2 % d'ioncam oibriúcháin iomlán comhdhlúite an ghrúpa arna ríomh ar leibhéal an mháthairghnóthais de chuid an Aontais;

(e) tá a sócmhainní iomlána aonair níos mó ná EUR 5 bhilliún;

(f) tá sé tábhachtach don chobhsaíocht airgeadais i mBallstát amháin ar a laghad.

Chun críocha phointe (b) den chéad mhír, i gcás grúpa ina bhfuil níos mó ná eintiteas réitigh amháin, measfar gur eintiteas dlítheanach ábhartha é eintiteas i gcás ina bhfuil méid iomlán aonair na neamhchosanta ar riosca atá aige cothrom le 2 % nó níos mó ná 2 % de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca atá ag an eintiteas réitigh ar leibhéal comhdhlúite an ghrúpa réitigh.

Chun críocha phointe (c) den chéad mhír, i gcás grúpa ina bhfuil níos mó ná eintiteas réitigh amháin, measfar gur eintiteas dlítheanach ábhartha é eintiteas i gcás ina bhfuil a thomhas iomlán aonair neamhchosanta cothrom le 2 % nó níos mó ná 2 % de thomhas iomlán neamhchosanta an eintitis réitigh ar leibhéal comhdhlúite an ghrúpa réitigh.

Airteagal 2

Tuairisciú réitigh ag institiúidí nach cuid de ghrúpa iad atá faoi réir maoirseacht chomhdhlúite de bhun Airteagail 111 agus 112 de Threoir 2013/36/AE

1. Eintitis réitigh nach cuid de ghrúpa iad atá faoi réir maoirseacht chomhdhlúite de bhun Airteagail 111 agus 112 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), cuirfidh siad faoi bhráid an údaráis réitigh, ar bhonn aonair, an fhaisnéis a shonraítear sna teimpléid uile a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, seachas an fhaisnéis dá dtagraítear i dteimpléid Z 01.01, Z 04.00, Z 07.02, Z 07.03 agus Z 11.00.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

([6]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj).

2. Eintitis leachtaithe nach bhfuil faoi réir oibleagáidí simplithe, nach cuid de ghrúpa iad atá faoi réir maoirseacht chomhdhlúite de bhun Airteagail 111 agus 112 de Threoir 2013/36/AE, agus nár chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE ina leith i gcomhréir le hAirteagal 45c(2a), an dara fomhír, den Treoir sin, cuirfidh siad faoi bhráid an údaráis réitigh, ar bhonn aonair, an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléid Z 01.02, Z 02.00, Z 05.01, Z 05.02, Z 06.00, Z 07.01.1 go Z 07.01.5, Z 07.04 agus Z 09.01 a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Eintitis leachtaithe nach bhfuil faoi réir oibleagáidí simplithe, nach cuid de ghrúpa iad atá faoi réir maoirseacht chomhdhlúite de bhun Airteagail 111 agus 112 de Threoir 2013/36/AE, agus ar chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE ina leith i gcomhréir le hAirteagal 45c(2a), an dara fomhír, den Treoir sin, cuirfidh siad faoi bhráid an údaráis réitigh, ar bhonn aonair, an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléid Z 01.02, Z 02.00, Z 03.01, Z 03.02, Z 05.01, Z 05.02, Z 06.00, Z 07.01.1 go Z 07.01.5, Z 07.04 agus Z 09.01 a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tuairisciú réitigh grúpa – grúpaí réitigh

1. Cuirfidh máthairghnóthas de chuid an Aontais an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléid Z 01.01, Z 01.02 agus Z 08.01 go Z 09.04 a leagtar amach in Iarscríbhinn I i ndáil leis na grúpeintiteas uile faoi bhráid an údaráis réitigh ar ghrúpleibhéal.

2. Cuirfidh máthairghnóthas de chuid an Aontais an fhaisnéis maidir le hidirnaisc airgeadais idir na grúpeintitis uile faoi bhráid an údaráis réitigh ar ghrúpleibhéal, mar a shonraítear i dteimpléad Z 04.00 a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

3. Cuirfidh máthairghnóthas de chuid an Aontais an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléid Z 02.00 a leagtar amach in Iarscríbhinn I faoi bhráid an údaráis réitigh ar ghrúpleibhéal mar a leanas:

(a) ar bhonn aonair i gcás eintitis réitigh uile an ghrúpa, lena n-áirítear an máthairghnóthas de chuid an Aontais, agus i gcás na n-eintiteas dlíthiúil ábhartha uile ar institiúidí iad;

(b) ar bhonn comhdhlúite nó, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn fo-chomhdhlúite, i gcás eintitis réitigh uile an ghrúpa, lena n-áirítear an máthairghnóthas de chuid an Aontais, agus i gcás na n-eintiteas dlítheanach ábhartha uile ar chinn an t-údarás réitigh ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE ina leith ar bhonn comhdhlúite nó ar bhonn fo-chomhdhlúite, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil na heintitis sin faoi réir Chuid a hAon, Teideal II, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

4. Cuirfidh máthairghnóthas de chuid an Aontais an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléid Z 03.01 nó Z 03.02 a leagtar amach in Iarscríbhinn I faoi bhráid an údaráis réitigh ar ghrúpleibhéal mar a leanas:

(a) ar bhonn aonair, i gcás eintitis réitigh uile an ghrúpa, lena n-áirítear máthairghnóthas de chuid an Aontais, agus i gcás na n-eintiteas dlítheanach ábhartha uile ar institiúidí iad ar chinn an t-údarás réitigh ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE ina leith;

(b) ar bhonn comhdhlúite nó ar bhonn fo-chomhdhlúite, i gcás eintitis réitigh uile an ghrúpa, lena n-áirítear an máthairghnóthas de chuid an Aontais, agus i gcás na n-eintiteas dlítheanach ábhartha uile ar institiúidí iad ar chinn an t-údarás réitigh ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE ina leith, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil na heintitis sin faoi réir Chuid a hAon, Teideal II, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

5. Cuirfidh máthairghnóthas de chuid an Aontais faoi bhráid an údaráis réitigh ar ghrúpleibhéal an fhaisnéis dá dtagraítear i dteimpléid Z 07.01.1, Z 07.01.2, Z 07.01.3, Z 07.01.4 agus Z 07.01.5 a leagtar amach in Iarscríbhinn I ar leibhéal gach Ballstáit ina n-oibríonn an grúpa.

6. Cuirfidh máthairghnóthas de chuid an Aontais faoi bhráid an údaráis réitigh ar ghrúpleibhéal an fhaisnéis dá dtagraítear i dteimpléid Z 07.02, Z 07.03 agus Z 07.04 a leagtar amach in Iarscríbhinn I i ndáil leis na feidhmeanna criticiúla agus na croílínte gnó arna soláthar ag aon ghrúpeintiteas.

7. Cuirfidh máthairghnóthas de chuid an Aontais faoi bhráid an údaráis réitigh ar ghrúpleibhéal, ar bhonn aonair, an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléid Z 05.01, Z 05.02, Z 06.00, Z 07.01.1 go Z 07.01.5, Z 07.04 agus Z 11.00 go Z 17.00 a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh eintitis réitigh uile an ghrúpa, lena n-áirítear an máthairghnóthas de chuid an Aontais.

8. Cuirfidh an máthairghnóthas de chuid an Aontais, ar bhonn aonair, an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléid Z 05.01, Z 05.02, Z 06.00, Z 07.01.1 go Z 07.01.5 agus Z 07.04 a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh na n-eintiteas dlítheanach uile ar institiúidí iad faoi bhráid an údaráis réitigh ar ghrúpleibhéal.

9. Beidh feidhm ag mír 2, mír 3, pointe (a), agus míreanna 4, 5 agus 6 den Airteagal seo d'ainneoin aon mhaolú ar chur i bhfeidhm na gceanglas stuamachta arna ndeonú i gcomhréir le hAirteagal 7(1) nó (3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) nó aon tarscaoileadh ar chur i bhfeidhm an íoscheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe arna ndeonú i gcomhréir le hAirteagal 45f de Threoir 2014/59/AE.

Airteagal 4

Tuairisciú réitigh grúpa – grúpaí nach bhfuil iontu ach eintitis leachtaithe

Máthairghnóthas de chuid an Aontais de ghrúpa nach bhfuil ann ach eintitis leachtaithe nach bhfuil faoi réir oibleagáidí simplithe, cuirfidh sé an méid seo a leanas faoi bhráid an údaráis réitigh ar ghrúpleibhéal:

(a) an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléid Z 01.01, Z 01.02, Z 07.01.1 go Z 07.01.5 agus Z 09.01 a leagtar amach in Iarscríbhinn I i ndáil leis na grúpeintitis uile, teimpléad Z 02.00 ar bhonn comhdhlúite, agus teimpléad Z 04.00 i ndáil leis na hidirnaisc airgeadais idir na grúpeintitis uile;

(b) ar bhonn aonair, ina chás féin agus i gcás gach eintitis dhlítheanaigh ábhartha nár chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 45c(2a), an dara fomhír, den Treoir sin, an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléid Z 02.00, Z 05.01, Z 05.02, Z 06.00, Z 07.01.1 go Z 07.01.5, Z 07.04 a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) ar bhonn aonair, ina chás féin agus i gcás gach eintitis dhlítheanaigh ábhartha ar chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 45c(2a), an dara fomhír, den Treoir sin, an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléid Z 02.00, Z 03.01, Z 03.02, Z 05.01, Z 05.02, Z 06.00, Z 07.01.1 go Z 07.01.5, Z 07.04 a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Coigeartuithe ar thuairisciú réitigh grúpa

1. I gcás grúpa ar eintiteas leachtaithe é a mháthairghnóthas de chuid an Aontais agus ina bhfuil eintitis réitigh, cuirfidh an máthairghnóthas de chuid an Aontais an méid seo a leanas isteach:

(a) i gcás grúpeintitis ar cuid de ghrúpaí réitigh iad, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 3;

(b) i gcás eintitis leachtaithe nach bhfuil faoi réir oibleagáidí simplithe agus nach cuid d'aon ghrúpa réitigh iad, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4.

2. I gcás grúpa réitigh dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (83b), (b), de Threoir 2014/59/AE, cuirfidh ceann amháin ar a laghad d'eintitis réitigh an ghrúpa an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo isteach. Cumhdófar go héifeachtach leis an bhfaisnéis sin na hinstitiúidí creidmheasa uile atá cleamhnaithe go buan le comhlacht lárnach an ghrúpa réitigh sin, an comhlacht lárnach féin, agus a bhfochuideachtaí faoi seach, ar bhonn aonair, ar bhonn fo-chomhdhlúite agus ar bhonn comhdhlúite, de réir mar is iomchuí.

([7]) Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2033/oj).

Airteagal 6

Minicíocht, dátaí tagartha agus dátaí íocaíochta

1. Déanfaidh institiúidí nó, i gcás grúpaí, máthairghnóthais de chuid an Aontais an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 2 go 5 a chur isteach mar a leanas:

(a) i gcás theimpléid Z 01.01, Z 01.02, Z 02.00, Z 03.01, Z 03.02, Z 04.00, Z 05.01, Z 05.02, Z 06.00 agus Z 11.00 go Z 17.00, faoin 31 Márta ar a dhéanaí gach bliain i leith an lae dheireanaigh den bhliain féilire roimhe sin;

(b) i gcás theimpléid Z 07.01.1 go Z 07.04, Z 08.01 go Z 08.05 agus Z 09.01 go Z 09.04, faoin 30 Aibreán ar a dhéanaí gach bliain i leith an lae dheireanaigh den bhliain féilire roimhe sin.

Chun críocha phointe (a) den chéad mhír, i gcás nach lá gnó é an 31 Márta, soláthrófar an fhaisnéis ar an lá gnó dár gcionn.

Chun críocha phointe (b) den chéad mhír, i gcás nach lá gnó é an 30 Aibreán, soláthrófar an fhaisnéis ar an lá gnó dár gcionn.

2. Sonróidh na húdaráis réitigh an gcuirfear an fhaisnéis faoi bhráid an údaráis réitigh go díreach nó an gcuirfear faoi bhráid an údaráis inniúil í ina ionad sin, i gcás inarb ábhartha.

3. Féadfaidh institiúidí nó, i gcás grúpaí, máthairghnóthais de chuid an Aontais figiúirí neamhiniúchta a chur isteach. I gcás nach mar a chéile na figiúirí iniúchta agus na figiúirí neamhiniúchta a cuireadh isteach, cuirfear isteach na figiúirí iniúchta athbhreithnithe gan moill mhíchuí.

4. Chun críocha mhír 3, is figiúirí neamhiniúchta figiúirí nach bhfuil tuairim ó iniúchóir seachtrach faighte ina leith, agus is figiúirí iniúchta figiúirí a d'iniúch iniúchóir seachtrach agus tuairim iniúchóireachta á cur in iúl aige.

5. Déanfar ceartúcháin ar na tuarascálacha arna gcur isteach a chur isteach gan moill mhíchuí.

Airteagal 7

Formáidí malartaithe sonraí agus faisnéis a ghabhann leis an tíolacadh

1. Déanfaidh institiúidí nó, i gcás grúpaí, máthairghnóthais de chuid an Aontais, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 2 go 5 a chur isteach, mar a shonraítear sna teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn I, sna formáidí malartaithe sonraí agus sna léirithe arna sonrú ag na húdaráis réitigh, agus urramóidh siad sainmhínithe na bpointí sonraí a áirítear sa tsamhail pointe sonraí aonair dá dtagraítear in Iarscríbhinn II agus sna rialacha bailíochtaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn III.

2. De bhreis ar an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh institiúidí nó, i gcás grúpaí, máthairghnóthais de chuid an Aontais an méid seo a leanas:

(a) cuirfear luachanna uimhriúla isteach mar a leanas:

(i) déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí 'Airgeadaíoch' ag gabháil leo a thuairisciú trí úsáid a bhaint as íosbheachtas atá coibhéiseach le deich de mhílte aonad;

(ii) déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí 'Céatadán' ag gabháil leo a shloinneadh in aghaidh an aonaid trí úsáid a bhaint as íosbheachtas atá coibhéiseach le ceithre dheachúil;

(iii) déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí 'Slánuimhir' ag gabháil leo a thuairisciú gan aon deachúil a úsáid agus trí úsáid a bhaint as beachtas atá coibhéiseach le haonaid.

(b) is trína nAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh, agus ar an gcaoi sin amháin, a aithneofar institiúidí agus gnóthais árachais;

(c) déanfar eintitis dhlítheanacha agus contrapháirtithe seachas institiúidí agus gnóthais árachais a shainaithint de réir a nAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh, i gcás ina mbeidh sé ar fáil;

(d) faisnéis nach bhfuil de dhíth a sholáthar nó nach infheidhme, ní chuirfear i dtíolacadh sonraí í.

3. Cuirfidh institiúidí nó, i gcás grúpaí, máthairghnóthais de chuid an Aontais, an fhaisnéis seo a leanas leis na sonraí a chuirfear isteach:

(a) dáta tagartha;

(b) airgeadra tuairiscithe;

(c) caighdeán cuntasaíochta;

(d) Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh an eintitis tuairiscithe;

(e) leibhéal cur i bhfeidhm mar a leagtar amach in Airteagail 2, 3 agus 4.

Airteagal 8

Faisnéis bhreise a sholáthar le haghaidh pleananna réitigh aonair nó pleananna réitigh grúpa

1. Iarrfaidh an t-údarás réitigh nó an t-údarás réitigh ar ghrúpleibhéal ar an institiúid ábhartha nó ar an máthairghnóthas de chuid an Aontais faisnéis bhreise nó faisnéis i bhformáid nua a chur ar fáil i gcás ina bhfuil feidhm ag aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) measann an t-údarás réitigh nó an t-údarás réitigh ar ghrúpleibhéal nach gcumhdaítear an fhaisnéis sin le haon teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus go bhfuil gá pleananna réitigh a tharraingt suas agus a chur chun feidhme;

(b) measann an t-údarás réitigh nó an t-údarás réitigh ar ghrúpleibhéal gur gá an fhaisnéis sin a fháil ó eintitis atá faoi réir oibleagáidí simplithe chun pleananna réitigh a tharraingt suas agus a chur chun feidhme;

(c) níl an fhormáid ina gcuireann an t-údarás inniúil faisnéis ar fáil de bhun Airteagal 9(2) oiriúnach chun pleananna réitigh a tharraingt suas nó a chur chun feidhme.

2. Maidir leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an t-údarás réitigh an méid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis bhreise atá le soláthar a shainaithint;

(b) an tráthchlár iomchuí a shonrú ina soláthróidh an institiúid nó, i gcás grúpaí, an máthairghnóthas de chuid an Aontais an fhaisnéis don údarás réitigh, agus méid agus castacht na faisnéise is gá á gcur san áireamh;

(c) an fhormáid atá le húsáid ag institiúidí nó, i gcás grúpaí, ag máthairghnóthais de chuid an Aontais, chun an fhaisnéis a sholáthar don údarás réitigh, a shonrú;

(d) sonrófar an gá an fhaisnéis a sholáthar ar bhonn aonair, ar bhonn fo-chomhdhlúite nó ar bhonn comhdhlúite, agus an bhfuil raon feidhme áitiúil, uile-Aontais nó domhanda aici;

(e) sonrófar an faighteoir beacht, na formáidí malartaithe sonraí agus an fhaisnéis atá le cur isteach le tíolacthaí i gcás ina bhfuil faisnéis bhreise le soláthar.

Airteagal 9

Comhar idir údaráis inniúla agus údaráis réitigh

1. Fíoróidh na húdaráis inniúla agus na húdaráis réitigh go comhpháirteach an bhfuil cuid den fhaisnéis, nó an fhaisnéis uile, atá le soláthar don údarás réitigh de bhun Airteagail 2 go 5 agus Airteagail 7 agus 8 ar fáil cheana féin don údarás inniúil.

2. I gcás ina mbeidh cuid den fhaisnéis nó an fhaisnéis uile ar fáil cheana féin don údarás inniúil, cuirfidh an t-údarás sin an fhaisnéis sin ar fáil don údarás réitigh go tráthúil.

3. Chun críocha mhír 2, cuirfidh na húdaráis réitigh institiúidí nó, i gcás grúpaí, máthairghnóthais de chuid an Aontais, ar an eolas faoin bhfaisnéis is gá a áireamh sa tíolacadh faisnéise de bhun an Rialacháin seo. Sainaithneoidh na húdaráis réitigh an fhaisnéis sin trí thagairt a dhéanamh do na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 10

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624.

Déanfar tagairtí don Rialachán Cur Chun Feidhme aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 11

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Teimpléad	Tuairisc ar an Teimpléad	Ainm Gairid
Struchtúr Eagraíochtúil		
Z 01.01	Eintitis Dhlítheanacha	ORG 1
Z 01.02	An Struchtúr Úinéireachta	ORG 2
Sonraí Dliteanais Comhiomlána		
Z 02.00	Struchtúr Dliteanais	LIAB 1
Z 03.01	Ceanglas Cistí Dílse - Institiúidí Creidmheasa	LIAB 2
Z 03.02	Ceanglas Cistí Dílse - Gnólachtaí Infheistíochta	LIAB 3
Z 04.00	Idirnaisc Airgeadais Inghrúpa	LIAB 4
Z 05.01	Contrapháirtithe Móra Dliteanais	LIAB 5
Z 05.02	Contrapháirtithe Móra Lasmuigh den Chlár Comhardaithe	LIAB 6
Z 06.00	Árachas Taiscí	LIAB 7
Feidhmeanna Criticiúla		
Z 07.01	Measúnú criticiúlachta ar fheidhmeanna eacnamaíocha	FUNC 1
Z 07.02	Feidhmeanna eacnamaíocha a mhapáil go heintitis dhlítheanacha	FUNC 2
Z 07.03	Croílínte gnó a mhapáil go heintitis dhlítheanacha	FUNC 3
Z 07.04	Feidhmeanna eacnamaíocha a mhapáil go croílínte gnó	FUNC 4
Seirbhísí Ábhartha		
Z 08.01	Seirbhísí Ábhartha	SERV 1
Z 08.02	Seirbhísí Ábhartha – mapáil go sócmhainní oibríochtúla	SERV 2
Z 08.03	Seirbhísí Ábhartha – mapáil go róil	SERV 3
Z 08.04	Seirbhísí Criticiúla – mapáil go feidhmeanna criticiúla	SERV 4
Z 08.05	Seirbhísí Bunriachtanacha – mapáil go croílínte gnó	SERV 5
Bonneagair an Mhargaidh Airgeadais		
Z 09.01	Seirbhísí BMA – Soláthraithe agus Úsáideoirí	FMI 1
Z 09.02	Seirbhísí BMA – Mapáil go BMAnna Criticiúla agus Bunriachtanacha	FMI 2
Z 09.03	Seirbhísí BMA – Príomh-Mhéadrachtaí	FMI 3
Z 09.04	Seirbhísí BMA – CPLanna – Soláthraí malartach	FMI 4
Sonraí Dliteanais Gráinneacha		
Z 11.00	Dliteanais Inghrúpa, gan Díorthaigh san áireamh	LIAB G 1
Z 12.00	Urrúis (lena n-áirítear Ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, Ionstraimí Breise Leibhéal 1 agus Ionstraimí Leibhéal 2; gan inghrúpa san áireamh)	LIAB G 2
Z 13.00	Gach Taisce (gan inghrúpa san áireamh)	LIAB G 3
Z 14.00	Dliteanais airgeadais eile (nach n-áirítear i dtáib eile, gan inghrúpa san áireamh)	LIAB G 4
Z 15.00	Díorthaigh	LIAB G 5
Z 16.00	Idirbhearta Airgeadais Urraithe, gan inghrúpa san áireamh	LIAB G 6
Z 17.00	Dliteanais Neamhairgeadais Eile (nach n-áirítear i dtáib eile, gan inghrúpa san áireamh)	LIAB G 7

Z 01.01 – Eintitis dhlítheanacha (ORG 1)

Eintiteas																	
Ainm an eintitis	Cód	Cineál cóid	Cineál eintitis	Tír	LEI Fhiontar faoi Úinéireacht Phríobháideach an Ghrúpa Réitigh	Tarscaoileadh Airteagal 7 de CRR	Tarscaoileadh Airteagal 8 de CRR	Faoi réir Airteagal 9 de CRR	Tarscaoileadh Airteagal 10 de CRR	Iomlán na sócmhainní	Méid Iomlán na Neamhchosanta ar Riosca	Tomhas na Neamhchosanta Iomláine	Ioncam oibriúcháin iomlán	Caighdeán cuntasaíochta	Ranníocaíocht le méid iomlán comhdhlúite na neamhchosanta ar riosca	Rannníocaíocht le tomhas comhdhlúite na neamhchosanta iomláine	Rannníocaíocht le hioncam oibriúcháin comhdhlúite	Eintiteas dlíthiúil ábhartha
0010	0020	0025	0040	0050	0055	0070	0080	0090	0100	0110	0150	0160	0170	0210	0260	0270	0280	0320

Z 01.02 – Struchtúr Úinéireachta (ORG 2)

Infheisteoir			Institiúid infheistiúcháin				Úinéireacht	
Ainm	Cód	Cineál cóid	Ainm	Cód	Cineál cóid	Brainse Idirnáisiúnta	Scairchaipiteal	Cearta vótála san eintiteas
0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090

Z 02.00 – Struchtúr Dliteanais (LIAB 1)

		Contrapháirtí											
		Teaghlaigh		Corparáidí neamhairgeadais (FBManna)		Corparáidí neamhairgeadais (fiontair nach FBManna iad)		Institiúidí creidmheasa		Corparáidí airgeadais eile			
		Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Lena n-áirítear Gnólachtaí árachais agus cistí pinsin	
												Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar
Ró	Mír	0010	0011	0020	0021	0030	0031	0040	0041	0050	0051	0055	0056
0100	**DLITEANAIS ATÁ EISIATA Ó THARRTHÁIL INMHEÁNACH**												

		Contrapháirtí											
		Teaghlaigh		Corparáidí neamhairgeadais (FBManna)		Corparáidí neamhairgeadais (fiontair nach FBManna iad)		Institiúidí creidmheasa		Corparáidí airgeadais eile			
		Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Lena n-áirítear Gnólachtaí árachais agus cistí pinsin	
												Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar
Ró	Mír	0010	0011	0020	0021	0030	0031	0040	0041	0050	0051	0055	0056
0110	Taiscí faoi chumhdach												
0120	Dliteanais urraithe - an chuid chomhthaobhaithe												
0130	Dliteanais cliaint, má tá siad faoi chosaint i gcás dócmhainneachta												
0140	Dliteanais mhuinínigh, má tá siad faoi chosaint i gcás dócmhainneachta												
0150	Dliteanais institiúide < 7 lá												
0161	Córas (oibreoir) agus dliteanais CPL < 7 lá												
0170	Dliteanais fostaí												
0180	Dliteanais atá criticiúil le haghaidh feidhmiú laethúil oibríochtúil												
0190	Dliteanais údarás cánach agus údarás slándála sóisialta, má tá tosaíocht acu												
0200	Dliteanais Scéim Ráthaithe Taiscí												

		Contrapháirtí											
		Teaghlaigh		Corparáidí neamhairgeadais (FBManna)		Corparáidí neamhairgeadais (fiontair nach FBManna iad)		Institiúidí creidmheasa		Corparáidí airgeadais eile			
		Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Lena n-áirítear Gnólachtaí árachais agus cistí pinsin	
												Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar
Ró	Mír	0010	0011	0020	0021	0030	0031	0040	0041	0050	0051	0055	0056
0210	Dliteanais i leith eintitis eile de chuid an ghrúpa réitigh												
0300	**DLITEANAIS NACH bhFUIL EISIATA Ó THARRTHÁIL INMHEÁNACH**												
0310	**Taiscí, nach bhfuil cumhdaithe ach ar taiscí tosaíochta iad**												
0311	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach <= 1 mhí*												
0312	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach > 1 mhí < 1 bhliain*												
0313	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 1 bhliain agus < 2 bhliain*												
0314	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 2 bhliain*												
0320	**Taiscí, nach bhfuil cumhdaithe agus nach taiscí tosaíochta iad**												
0321	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach <= 1 mhí*												
0322	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach > 1 mhí < 1 bhliain*												

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2303/oj

		Contrapháirtí											
		Teaghlaigh		Corparáidí neamhairgeadais (FBManna)		Corparáidí neamhairgeadais (fiontair nach FBManna iad)		Institiúidí creidmheasa		Corparáidí airgeadais eile			
		Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Lena n-áirítear Gnólachtaí árachais agus cistí pinsin	
												Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar
Ró	Mír	0010	0011	0020	0021	0030	0031	0040	0041	0050	0051	0055	0056
0323	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 1 bhliain agus < 2 bhliain*												
0324	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 2 bhliain*												
0330	**Dliteanais ar an gclár comhardaithe a eascraíonn as díorthaigh**												
0331	*Suim na nglansuíomhanna dliteanais, agus tacair ghlanluachálacha chonarthacha á gcur san áireamh, i ndiaidh coigeartuithe marcála ón margadh, roimh fhritháireamh comhthaobhachta*												
0332	*Suim na nglansuíomhanna dliteanais, agus tacair ghlanluachálacha chonarthacha á gcur san áireamh, i ndiaidh coigeartuithe marcála ón margadh, i ndiaidh fritháireamh comhthaobhachta*												
0333	*Suim na nglansuíomhanna dliteanais, agus tacair ghlanluachálacha chonarthacha á gcur san áireamh, i ndiaidh coigeartuithe marcála ón margadh, i ndiaidh fritháireamh comhthaobhachta, ina n-ionchorpraítear méideanna socraíochta measta*												

		Contrapháirtí											
		Teaghlaigh		Corparáidí neamhairgeadais (FBManna)		Corparáidí neamhairgeadais (fiontair nach FBManna iad)		Institiúidí creidmheasa		Corparáidí airgeadais eile			
		Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Lena n-áirítear Gnólachtaí árachais agus cistí pinsin	
												Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar
Ró	Mír	0010	0011	0020	0021	0030	0031	0040	0041	0050	0051	0055	0056
0334	*Suim na nglansuíomhanna dliteanais, agus rialacha glanluachálacha stuamachta á gcur san áireamh*												
0340	**Dliteanais urraithe neamh-chomhthaobhaithe**												
0341	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach <= 1 mhí*												
0342	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach > 1 mhí < 1 bhliain*												
0343	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 1 bhliain agus < 2 bhliain*												
0344	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 2 bhliain*												
0350	**Nótaí struchtúrtha**												
0351	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach <= 1 mhí*												
0352	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach > 1 mhí < 1 bhliain*												
0353	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 1 bhliain agus < 2 bhliain*												
0354	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 2 bhliain*												

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2303/oj

		Contrapháirtí											
		Teaghlaigh		Corparáidí neamhairgeadais (FBManna)		Corparáidí neamhairgeadais (fiontair nach FBManna iad)		Institiúidí creidmheasa		Corparáidí airgeadais eile			
		Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Lena n-áirítear Gnólachtaí árachais agus cistí pinsin	
												Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar
Ró	Mír	0010	0011	0020	0021	0030	0031	0040	0041	0050	0051	0055	0056
0360	**Dliteanais neamhurraithe shinsearacha**												
0361	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach <= 1 mhí*												
0362	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach > 1 mhí < 1 bhliain*												
0363	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 1 bhliain agus < 2 bhliain*												
0364	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 2 bhliain*												
0365	**Dliteanais neamhthosaíochta shinsearacha**												
0366	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach <= 1 mhí*												
0367	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach > 1 mhí < 1 bhliain*												
0368	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 1 bhliain agus < 2 bhliain*												
0369	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 2 bhliain*												

		Contrapháirtí											
		Teaghlaigh		Corparáidí neamhairgeadais (FBManna)		Corparáidí neamhairgeadais (fiontair nach FBManna iad)		Institiúidí creidmheasa		Corparáidí airgeadais eile			
		Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Lena n-áirítear Gnólachtaí árachais agus cistí pinsin	
												Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar
Ró	Mír	0010	0011	0020	0021	0030	0031	0040	0041	0050	0051	0055	0056
0370	**Dliteanais fho-ordaithe (nach n-aithnítear mar chistí dílse)**												
0371	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach <= 1 mhí*												
0372	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach > 1 mhí < 1 bhliain*												
0373	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 1 bhliain agus < 2 bhliain*												
0374	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 2 bhliain*												
0380	**Dliteanais eile atá incháilithe le haghaidh ICDI**												
0381	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 1 bhliain agus < 2 bhliain*												
0382	*lena n-áirítear: aibíocht iarmharach >= 2 bhliain*												
0390	**Dliteanais neamhairgeadais**												
0400	**Dliteanais iarmharacha**												
0500	**CISTÍ DÍLSE**												

		Contrapháirtí											
		Teaghlaigh		Corparáidí neamhairgeadais (FBManna)		Corparáidí neamhairgeadais (fiontair nach FBManna iad)		Institiúidí creidmheasa		Corparáidí airgeadais eile			
		Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Lena n-áirítear Gnólachtaí árachais agus cistí pinsin	
												Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar
Ró	Mír	0010	0011	0020	0021	0030	0031	0040	0041	0050	0051	0055	0056
0510	**Caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1**												
0511	*lena n-áirítear: ionstraimí caipitil/scairchaipiteal*												
0512	*lena n-áirítear: ionstraimí a rangaítear pari passu le gnáthscaireanna*												
0520	**Caipiteal Breise Leibhéal 1**												
0521	*lena n-áirítear: (cuid de) dhliteanais fho-ordaithe a aithnítear mar chistí dílse*												
0530	**Caipiteal Leibhéal 2**												
0531	*lena n-áirítear: (cuid de) dhliteanais fho-ordaithe a aithnítear mar chistí dílse*												
0600	**DLITEANAIS IOMLÁNA & CISTÍ DÍLSE LENA nÁIRÍTEAR DLITEANAIS DÍORTHACH**												
0800	**COTHROMAS IOMLÁN**												

		Contrapháirtí						IOMLÁN		lena n-áirítear: inghrúpa		lena n-áirítear: dliteanais faoi rialú dlí tríú tír, gan inghrúpa san áireamh	
		Rialtais ghinearálta & Bainc cheannais		Neamh-shainaitheanta, a liostaítear ar ionad trádála		Neamh-shainaitheanta, nach liostaítear ar ionad trádála							
		Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar	Suim Gan Íoc	Luach de réir na Leabhar
Ró	Mír	0060	0061	0070	0071	0080	0081	0090	0091	0100	0101	0110	0111
